Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

13059/1/18
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0256(COD)

CODEC 1650
EUROJUST 134
EPPO 29
CATS 73
COPEN 342
CSC 291

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n aisghairtear an cinneadh sin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 18 Iúil 2013, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 85 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Ar an 4 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2][3][4].

[1] 12566/13.
[2] 12696/18.
[3] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21, níl an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[4] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.